**Comhairle an Aontais Eorpaigh**
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2025**

**CM 3778/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0136(NLE)**
**2024/0150(NLE)**

**TELECOM**
**CYBER**
**PROCED**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | teleinfso@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.7813 |
| Ábhar: | **DEIREADH AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta<br>– An cinneadh chun toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh a ghlacadh |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le **CM 3724/25** an 23 Iúil 2025, a thabhairt i gcrích an **28 Iúil 2025** agus gur vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar an chinnidh toiliú a iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa chun an méid seo a leanas a ghlacadh:

**Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta**

Atáirgtear an *ráiteas* a thíolaic an toscaireacht ón Iodáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Gabhann Ardrúnaíocht na Comhairle buíochas leis na toscaireachtaí, an tráth seo, as a gcomhoibriú croíúil.

IARSCRÍBHINN

**Ráiteas ó Phoblacht na hIodáile**

*Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an intleacht shaorga, cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta*

Ba dhíol sásaimh don Iodáil gur ghlac Comhairle na hEorpa, an 17 Bealtaine 2024, Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta, agus gur shínigh an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún an 5 Meán Fómhair 2024.

I bhfianaise thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin, is mian le húdaráis na hIodáile tagairt a dhéanamh don díospóireacht a bhí ar siúl sa Chomhairle mar ullmhúchán do ghlacadh an chinnidh lena n-údaraítear don Choimisiún an Coinbhinsiún a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh. Deimhníonn údaráis na hIodáile go háirithe, ag féachaint d'fhorálacha na gConarthaí agus do thacar reatha norm an Aontais sa réimse sin, go bhfuil cúiseanna ann a thacaíonn le hinniúlacht chomhthráthach a bheith ann, mar a dheimhnítear le codanna sonracha den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is iad sin codanna maidir le hinniúlacht náisiúnta fhorchoimeádta in ábhair a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta agus maidir leis an ngá atá le reachtaíocht intíre na mBallstát chun an Rialachán a chur chun feidhme ina iomláine.

Ag an am céanna, is mian leis an Iodáil a chur i bhfios go láidir go gcoinneoidh údaráis na hIodáile súil ghéar ar chur chun feidhme an chinnidh ón gComhairle lenar údaraíodh don Choimisiún Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a shíniú agus, dá bhrí sin, go dtabharfaidh siad aird ar leith ar a áirithiú go leanfaidh an Coimisiún Eorpach an próiseas atá beartaithe maidir le feidhmiú Chomhdháil na bPáirtithe agus maidir leis an ról a bheidh ag an Aontas Eorpach ann.

I ndáil leis an méid sin, tá sé ríthábhachtach, mura n-éireoidh leis a áirithiú go bhfaighidh an tAontas 27 vóta ag Comhdháil na bPáirtithe, go molfaidh an Coimisiún go n-údarófaí do na Ballstáit aontú don Choinbhinsiún in éineacht leis an Aontas, chun a áirithiú go mbeidh líon vótaí ag an Aontas a léiríonn a thábhacht i gComhairle na hEorpa agus a chuirfidh ar a chumas a leasanna a chosaint go leordhóthanach.

Mura bhfaightear na 27 vóta agus mura n-údaraítear do na Ballstáit aontú don Choinbhinsiún, déanfaidh údaráis na hIodáile measúnú ar an gcás ós rud é, i gcás mar sin, nach ndéanfaí leas ginearálta an Aontais a chosaint go leordhóthanach.